Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Iúil 2022
(OR. en)

10941/22

LIMITE

PECHE 250

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0035(COD)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh<br>- *Dearbhú an téacs chomhréitigh chríochnaithigh d'fhonn teacht ar chomhaontú* |

1. D'eisigh an Coimisiún an togra[1] an 16 Feabhra 2022, agus é mar aidhm leis na bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe a chinn Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) a thrasuí i ndlí an Aontais ag a cruinniú bliantúil in 2021.

2. Chuir an Coimisiún an togra i láthair na Meithle Iascaigh an 10 Márta. Chuir DK forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte isteach, a baineadh níos déanaí. Chuaigh sprioc-am le haghaidh barúlacha i scríbhinn in éag an 25 Márta gan aon leasú ar an téacs a iarraidh. An 5 Aibreán, chinn na Comhairleoirí/Attachés (Beartas Iascaigh) go raibh tacaíocht leathan ag an togra gan leasuithe; deimhníodh an méid sin an 6 Aibreán trí chomhairliúchán i scríbhinn.

3. An 13 Aibreán 2022, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe go dtacaíonn sé leis an togra ón gCoimisiún, d'fhonn teacht ar chomhaontú tráthúil le Parlaimint na hEorpa.

4. An 20 Meitheamh 2022, d'fhormheas coiste PECH Pharlaimint na hEorpa an dréacht-seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, gan aon leasú ar an togra ón gCoimisiún ach oiread.

[1] 6272/22.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dheimhniú, dá nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an rialachán mar a mhol an Coimisiún é (6272/22), faoi réir athbhreithniú ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh na Parlaiminte agus go nglacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint;

- chun na críche sin, an Uachtaránacht a údarú le litir a sheoladh chuig Cathaoirleach choiste PECH.

PUBLIC